*Uimhir* 56 *de* 2015

# An tAcht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 56 *de* 2015

# AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (BUIRGLÉIREACHT AR THEAGHAISÍ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Leasú ar alt 2 den Acht um Bannaí, 1997

2. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001

3. Gearrtheideal agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Bannaí, 1997 (Uimh. 16)

Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (Uimh. 50)

*Uimhir* 56 *de* 2015

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (BUIRGLÉIREACHT AR THEAGHAISÍ), 2015**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú maidir le cúirt do chur nithe áirithe san áireamh le linn di a chinneadh an ndéanfaidh sí bannaí a dhiúltú in imthosca áirithe; do dhéanamh socrú maidir le pianbhreitheanna as a chéile a fhorchur i leith cionta áirithe arna ndéanamh i dteaghais; chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Bannaí, 1997 agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [24 *Nollaig* 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Leasú ar alt 2 den Acht um Bannaí, 1997**

**1.** Leasaítear alt 2 den Acht um Bannaí, 1997—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I dteannta na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a chur i gcuntas le linn di a dlínse a fheidhmiú faoi fho-alt (1), más rud é—

(a) go ndéanann duine atá cúisithe i gcion tromaí ar cion iomchuí é iarratas ar bhannaí, i gcás go líomhnaítear go ndearnadh an cion iomchuí i dteaghais, agus

(b) go bhfuil na himthosca a shonraítear i bhfo-alt (2B) ar marthain i leith an duine a dhéanann an t-iarratas sin,

déanfaidh cúirt, le linn an dlínse sin a fheidhmiú, a mheas gurb ionann na himthosca sin a bheith ar marthain agus fianaise gur dóigh go ndéanfaidh an duine cion iomchuí i dteaghais.

(2B) Is iad na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2A)(b)—

(a) go bhfuil an duine á chúiseamh nó á cúiseamh i gcion iomchuí a líomhnaítear go ndearnadh é—

(i) i dteaghais,

(ii) tráth theacht i ngníomh *alt 1* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015*, nó dá éis, agus

(iii) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

agus arb ina leith atá an t-iarratas ar bhannaí á dhéanamh,

(b) go bhfuil ciontú ar an duine i gcion iomchuí i gcás go ndearnadh an cion iomchuí i dteaghais sa tréimhse 5 bliana díreach roimh an iarratas ar bhannaí, is cuma an ndearna nó nach ndearna an duine an cion iomchuí sin sula raibh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici nó tar éis dó nó di an aois sin a shlánú, agus

(c) tráth déanta an iarratais ar bhannaí i leith an chiona iomchuí dá dtagraítear i mír (a)—

(i) go bhfuil ciontú ar an duine in 2 chion iomchuí ar a laghad (seachas ciontú i gcion iomchuí dá dtagraítear i mír (b)), ar cionta iad a rinneadh—

(I) i dteaghais,

(II) laistigh de thréimhse dar tosach 6 mhí roimh an tráth, agus dar chríoch 6 mhí tar éis an trátha, a líomhnaítear go ndearnadh an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a), agus

(III) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

(ii) go bhfuil an duine á chúiseamh nó á cúiseamh in 2 chion iomchuí ar a laghad (seachas an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a)), agus é nó í ag feitheamh lena thriail nó lena triail ina leith, ar cionta iad a líomhnaítear go ndearnadh iad—

(I) i dteaghais

(II) laistigh de thréimhse dar tosach 6 mhí roimh an tráth, agus dar chríoch 6 mhí tar éis an trátha, a líomhnaítear go ndearnadh an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a), agus

(III) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

nó

(iii) go bhfuil ciontú ar an duine i gcion iomchuí (seachas ciontú i gcion iomchuí dá dtagraítear i mír (b)) agus go bhfuil sé nó sí á chúiseamh nó á cúiseamh i gcion iomchuí, agus é nó í ag feitheamh lena thriail nó lena triail i leith cion iomchuí (seachas an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a)) a rinneadh, nó a líomhnaítear go ndearnadh é, de réir mar a bheidh—

(I) i dteaghais,

(II) laistigh de thréimhse dar tosach 6 mhí roimh an tráth, agus dar chríoch 6 mhí tar éis an trátha, a líomhnaítear go ndearnadh an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a), agus

(III) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú.

(2C) Folaíonn tagairt i bhfo-alt (2B) do chiontú i gcion iomchuí tagairt do chiontú i gcion iomchuí is ábhar d'achomharc (arb achomharc é nach bhfuil cinneadh déanta ina leith nó nach bhfuil tarraingthe siar).

(2D) Ní mheasfar go ndéanann aon ní i bhfo-alt (2B)(b) dochar d'oibriú alt 258 d'Acht na Leanaí, 2001.",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) San alt seo—

folaíonn 'teaghais'—

(a) foirgneamh nó déanmhas (cibé acu buan nó sealadach) atá déanta nó oiriúnaithe lena úsáid mar theaghais agus atá á úsáid amhlaidh,

(b) feithicil nó soitheach (cibé acu inghluaiste nó doghluaiste) atá déanta nó oiriúnaithe lena húsáid nó lena úsáid mar theaghais agus atá á húsáid nó á úsáid amhlaidh, nó

(c) cuid de theaghais;

ciallaíonn 'cion iomchuí' cion faoi alt 12 nó 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.".

**Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001**

**2.** Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 54:

**"Pianbhreitheanna comhleanúnacha a ghearradh mar gheall ar bhuirgléireacht ar theaghais**

**54A.** (1) Faoi réir an ailt seo, i gcás—

(a) go bhfuil duine arna chiontú nó arna ciontú i gcion iomchuí agus go bhfuil téarma príosúnachta á ghearradh air nó uirthi i leith an chiona sin agus go ndearnadh an cion sin—

(i) i dteaghais, agus

(ii) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

(b) go bhfuil ciontú ar dhuine i gcion iomchuí (seachas an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a)), cibé acu a forchuireadh nó nár forchuireadh aon phianbhreith (cibé acu is pianbhreith phríosúnachta nó eile) i leith an chiontaithe sin agus go ndearnadh an cion sin—

(i) i dteaghais,

(ii) sa tréimhse 5 bliana díreach roimh thráth déanta an chiona iomchuí dá dtagraítear i mír (a), agus

(iii) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

agus

(c) go bhfuil ciontú ar dhuine i gcion iomchuí agus gur gearradh téarma príosúnachta air nó uirthi i leith an chiontaithe sin agus go ndearna an duine an cion iomchuí sin—

(i) i dteaghais,

(ii) laistigh de thréimhse dar tosach 6 mhí roimh an tráth, agus dar chríoch 6 mhí tar éis an trátha, a rinneadh an cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a), agus

(iii) tar éis dó nó di 18 mbliana d'aois a shlánú,

is amhlaidh, maidir le haon phianbhreith phríosúnachta a fhorchuirtear ar an duine mar gheall ar an gcion iomchuí dá dtagraítear i mír (a), go leanfaidh sí an phianbhreith dá dtagraítear i mír (c) nó, má rinneadh pianbhreith phríosúnachta a fhorchur i leith cion iomchuí dá dtagraítear i míreanna (b) agus (c), leanfaidh sí an phianbhreith is déanaí díobh atá le dul in éag.

(2) I gcás, i ndáil le duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1), go dtiocfadh cion iomchuí arna dhéanamh ag an duine faoi réim mhíreanna (b) agus (c) den fho-alt sin, ansin, féadfar an cion iomchuí sin a bhreithniú d'fhonn mír (b) nó (c) den fho-alt sin a shásamh, ach ní d'fhonn an dá mhír sin a shásamh.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le duine i leith cion iomchuí dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin ach amháin más rud é go ndéantar an cion iomchuí sin tar éis theacht i ngníomh *alt 2* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015* agus beidh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir leis an duine cibé acu ar roimh theacht i ngníomh an fho-ailt sin nó dá éis a rinneadh na cionta iomchuí eile dá dtagraítear i míreanna (b) agus (c) den fho-alt sin.

(4) I gcás go bhforchuireann an Chúirt Dúiche dhá phianbhreith chomhleanúnacha nó níos mó a éilítear le fo-alt (1), ní rachaidh an téarma comhiomlán príosúnachta i leith na bpianbhreitheanna comhleanúnacha sin thar 2 bhliain.

(5) Maidir le tagairt do chiontú i míreanna (b) agus (c) d'fho-alt (1), folaíonn sí tagairt do chiontú i gcion iomchuí is ábhar d'achomharc (arb achomharc é nach bhfuil cinneadh déanta ina leith nó nach bhfuil tarraingthe siar).

(6) San alt seo—

folaíonn 'teaghais'—

(a) foirgneamh nó déanmhas (cibé acu buan nó sealadach) atá déanta nó oiriúnaithe lena úsáid mar theaghais agus atá á úsáid amhlaidh,

(b) feithicil nó soitheach (cibé acu inghluaiste nó doghluaiste) atá déanta nó oiriúnaithe lena húsáid nó lena úsáid mar theaghais agus atá á húsáid nó á úsáid amhlaidh, nó

(c) cuid de theaghais;

ciallaíonn 'cion iomchuí' cion faoi alt 12 nó 13.".

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**3.** (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 7/22. Essentra. (56763). Gr.30-15.

978-1-4468-3322-3